ENTERPRISE IRELAND

Ag Claochlú Tionscail in Éirinn

Straitéis Enterprise Ireland 2005-2007
Achoimre agus Gníomhartha

Réamhrá

Micheál Martin, an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

Is tosaíocht dom féin mar an tAire Fiontar Trádála agus Fostaíochta forbairt thionscal na hÉireann sa todhchaí tríd an nuálaíocht agus an t-idirnáisiúnú. Tá tionscal agus fiontraíocht na hÉireann thar a bheith tábhachtach do gheilleagar agus do shochaí na hÉireann, go háirithe mar gheall ar an tionchar réigiúnach eacnamaíoch nach beag a d'eascair as gníomhaíochtaí chuideachtaí Éireannacha. I rith na bliana 2004, tháinig seo go €17 billiún i gcaiteachais phárolla agus sholáthair ar bhain gach contae in Éirinn leas astu. Tá borradh mór faoi líon na bhfiontraithe a thosaíonn cuideachtaí ard-bhreisluacha agus le hardchumas onnmhairithe i réimsí mar bhogearraí, gairis leighis, innealtóireacht, bia agus biteicneolaíocht. Le blianta beaga anuas, thug Enterprise Ireland tacaíocht do 470 de chuideachtaí dá leithéid siúd a fhostaíonn 7,500 duine inniu agus a bhfuil láimhdeachas carnach de €1 billiún acu. Is mór an t-ugach é freisin forbairt tionscail rathúil san fhiontar caipitil, faoi thiomáint Enterprise Ireland, óna bhfaigheann cuideachtaí Éireannacha luathmhaoiniú agus maoiniú caipitil fhorbartha.

Tuigeann Enterprise Ireland na dúshláin nach beag agus na deiseanna a tháinig chun solais de bharr an domhandaithe agus bhreis iomaíochta domhanda. Tá Éire ag pointe choir maidir le forbairt eacnamaíochta de. Is é fírinne an scéil nach féidir le hÉire cloí le samhlacha na gcostas íseal a thuilleadh. Ní mór do chuideachtaí Éireannacha dul i mbreis iomaíochta tríd an nuálaíocht, trí dhea-chleachtas a ghlacadh, agus súil ghéar a choinneáil ar na sochair tháirgiúlachta agus tuilleadh uathoibriúcháin. Freisin, chun a bheith rathúil, ní mór do chuideachtaí breathnú amach rompu ina gcuid straitéisí forbartha agus ba cheart dóibh breathnú ar Enterprise Ireland mar chomhpháirtí forbartha dá gcuid chun glacadh le deiseanna a éiríonn as margaí na cruinne.

D'fhoilsigh An Grúpa um Straitéis Fiontraíochta, a raibh Eoin Ó Drisceoil ina Chathaoirleach air, a thuarascáil "Ahead of the Curve – Ireland's Place in the Global Economy". Cuireann seo creatlach ar fáil maidir leis na céimeanna is gá chun áit na hÉireann mar gheilleagar forbartha a dhaingniú agus a leathnú. Chuir seo béim mhór ar an ngá le forbairt agus idirnáisiúnú na hearnála gnó faoi úinéireacht Éireannach a luathú mar thosaíocht le haghaidh na forbartha eacnamaíochta amach anseo. Tar éis don Rialtas breithniú a dhéanamh ar an Tuarascáil sin, d'fhoilsigh mé Plean Gníomhaíochta an Ghrúpa um Straitéis Fiontraíochta ina sonraítear gníomhaíochtaí le cur i bhfeidhm thar Ranna Rialtais éagsúla. D'iarr mé ar Enterprise Ireland go háirithe chun machnamh a dhéanamh faoin mbealach is fearr chun cabhair a thabhairt do chuideachtaí de réir mar a chuirimid moltaí an Ghrúpa sin i bhfeidhm. Tá Enterprise Ireland tar éis athchóiriú iomlán ar phróiseas gnó agus ar eagrúchán dá thacaíochtaí thar lear agus idirnáisiúnaithe le fócas soiléir ar riachtanais chliant ceangailte le misean á thiomáint ag feidhmíocht. Glacfaidh Enterprise Ireland le tionscnaimh chun bonn a chur le feidhmíocht thionscal na hÉireann amach anseo mar chuid lárnach dá bheartas tionscail.

Imlíníonn an cháipéis seo freagra Enterprise Ireland ar Phlean Gníomhaíochta an Ghrúpa. Is mór an t-athrú um chur chuige é. Cabhróidh an straitéis go mór amach anseo, i mo bharúilse, le hidirnáisiúnú chuideachtaí Éireannacha i ngeilleagar an domhain atá bunaithe ar fhaisnéis.



Mícheál Martin
An tAire Fiontar,
Trádála agus Fostaíochta

Misean Enterprise Ireland

Forbairt na gCuideachtaí Éireannacha de chaighdeán domhanda chun seasamh daingean a bhaint amach i margaí an domhain, as a dtiocfaidh méadú sa rathúnas náisiúnta agus réigiúnach.

Fás

Ráiteas an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin

Níor bhraith todhchaí an gheilleagair riamh chomh mór ar fheidhmiú na gcuideachtaí dúchasacha. Tá athrú struchtúir agus claochlaithe ar siúl. Braitheann rath na hÉireann amach anseo ar thaighde, tráchtálú táirgiú agus díol táirgí agus seirbhísí breisluacha i margaí an domhain. De réir mar a bhogann cuideachtaí Éireannacha chun táirgí agus seirbhísí níos sofaisticiúla a thabhairt isteach i margaí na cruinne, feidhmíonn Enterprise Ireland chun freastal ar riachtanais chuideachtaí na hÉireann. Rachaimid i dteannta ár gcliant chun a neart a theilgean ar aghaidh do mhargaí na todhchaí. Tacóimid go háirithe le nuálaíocht agus le cruthaíocht i measc na gcuideachtaí dár gcuid agus oibreoimid go dlúth leo chun iomaíochas agus scála méadaithe a ghnóthachan; díreoimid ar sheachadadh de bhreis onnmhairithe agus tacóimid lenár gcliant chun go mbeidh siad ar thús cadhnaíochta ag soláthar táirgí agus seirbhísí ar fud an domhain. Ceann de na tosca is tábhachtaí chun na cuspóirí seo a bhaint amach ná forbairt sa chumas bainistíochta agus scileanna ríthábhachtacha gnó agus teicneolaíochta i measc na gcliant úd. Oibreoidh Enterprise Ireland go dlúth le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta agus leis an earnáil phríobháideach chun cur le cumas ár gcliant.

Tá athruithe móra tagtha ar chruth onnmhairí na hÉireann le deich mbliana anuas. Deich mbliana ó shin tháinig onnmhairí bogearraí ó chuideachtaí dúchasacha go €57 milliún. Anuraidh shroich onnmhairí sa réimse seo €1.3 billiún. Saothraíonn bia réamhdhéanta le haghaidh onnmhairithe €600 milliún tar éis tosú seasaimh cúig bliana ó shin. Bíonn táirgí nua á gcur i dtoll a chéile agus á ndáileadh thar lear ag cuideachtaí Éireannacha, de bharr a mbeartaíochta, cruthaíochta, eolais agus saineolais féin.

Táimidne in Enterprise Ireland ag athrú freisin. Sa chomhthéacs seo rinneamar iniúchadh leathan ar ár straitéis agus ár gcuid cuspóirí bunaithe ar chomhairle ónár gcliaint, taighde margaidh, saothar an Ghrúpa Straitéis um Fhiontar, obair an Grúpa Forfheidhmithe Idir-Rannach, Forfás, Bord Enterprise Ireland, an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus an Roinn Gnóthaí Eachtracha. Is eochairthosaíocht d'Enterprise Ireland í cur i bhfeidhm Phlean Gníomhaíochta an Ghrúpa Straitéise. Is éard is cuspóir leis ná chun claochlú chuideachtaí Éireannacha a luathú le bheith ina ngnóthais faoi threorú ag an margadh agus ag nuálaíocht. Leagadh amach aidhmeanna maidir le fás onnmhairithe, méadú nach beag ar thaighde fheidhmeach i measc chuideachtaí na hÉireann agus ag spreagadh fiontraíochta chun líon níos mó de chuideachtaí ardfháis le cumas láidir onnmhairithe agus breis deiseanna fostaíochta i ngach réigiún den tír a sheachadadh. Oibreoimid chun an timpeallacht a chruthú ina mbeidh an dlúthghaol oibre idir ár gcliaint agus coláistí tríú leibhéal ina chuid lárnach de straitéis iomaíochais ár gcliant. Glacfaimid le smaointe nua, le riachtanais athraitheacha ár gcliant agus le deiseanna nua.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do sholúbthacht agus dianobair leanúnach fhoireann Enterprise Ireland agus go háirithe an bhaint ghníomhach a bhí acu le forbairt agus cur i bhfeidhm na straitéise nua seo. Táimid ag tnúth le bheith ag obair lenár gcliaint ar an gcéad chéim eile d'fhorbairt eacnamaíoch na hÉireann. Oibreoimid gan staonadh chun freastal ar ionchais ár gcliant agus chun iad a shárú.

Frank Ryan
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Ábhar

Timpeallacht Nua Gnó

Tá tionscal na hÉireann ag pointe ríthábhachtach maidir lena fhorbairt eacnamaíochta. Tá dúshláin nua agus difriúla os comhair ár gcliant. Is éard atá ag teastáil anois ná gníomhaíochtaí ardluacha dianfhaisnéise chun tacú le fostaíocht ardluacha agus rátaí tuarastail chuibheasach ard. Díríonn na cuideachtaí a chuireann na poist seo ar fáil ar na margaí go mór agus is cuideachtaí thar a bheith nuálaíoch iad freisin, ag soláthar táirgí agus seirbhísí nua sofaisticiúla ag rátaí iomaíocha go hidirnáisiúnta. Tá earnálacha iomlán nua tagtha chun cinn – agus leanann siad orthu ag éabhlóidiú – bunaithe ar fhaisnéis um bogearraí, bia tomhaltóirí agus eolaíochtaí na beatha.

Cé go bhfuil an turas seo tosaithe ag Éirinn, braitheann rath eacnamaíochta amach anseo ar thaighde, tráchtáil, táirgeadh agus díolachán táirgí agus seirbhísí ard-luacha níos airde go margaí an domhain.

Chun a bheith rathúil sa timpeallacht nua iomaíoch seo beidh ar chuideachtaí samhail nua ghnó a ghlacadh ina mbeidh eolas faoin margadh agus nuálaíocht thar a bheith tábhachtach chun rathúlacht sna margaí onnmhairithe a bhaint amach.

Múnla Gnó Inbhuanaithe



Braitheann fás sa rathúnas náisiúnta agus réigiúnach níos mó ná riamh ar fheidhmiú na hearnála dúchasaí. Tá gá le hathrú claochlaitheach anois agus beidh Enterprise Ireland ar thús cadhnaíochta chun an t-athrú seo a chur i bhfeidhm.

Fís Enterprise Ireland d'Earnáil an Fhiontair Dhúchasaigh arna Claochlú

FÍS

- A bheith aitheanta ar fud an domhain mar ***shár-ionad do tháirgí úra*** agus próisis nua, gnólachtaí margaí agus nuálaíocha dírithe, agus foirne i mbun taighde margaidh iomchuí cheannródaitheach
- A bheith ***lonnaithe go láidir i nideoga tábhachtacha*** in earnáil nua á dtiomáint ag teicneolaíocht mar bhogearraí agus eolaíocht na beatha, agus i réimsí dianfhaisnéis de réimsí níos faide bunaithe mar bhia tomhaltóirí, mar a bhfuil deiseanna fáis nach beag ann
- ***Meicníochtaí*** agus cultúir ***den scoth domhanda um aistriú teicneolaíochta*** a bheith againn a ligeann do chuideachtaí atá lonnaithe in Éirinn feidhmchláir ó institiúidí tríú leibhéal, comhlachtaí taighde agus cuideachtaí móra eile sa bhaile agus i gcéin a fháil agus a fhorbairt
- A bheith ***comhtháite go domhain i líonraí domhanda*** cuideachtaí ina measc corparáidí domhanda, cuideachtaí móra agus gnólachtaí beaga agus meánacha, trí réimse nasc, comhghuaillíochtaí, comhpháirtíochtaí, saincheadúnas, ceannachán agus foinsiú allamuigh
- Cnap ***de chuideachtaí móra dúchasacha*** a bheith ann ag dul in iomaíocht ar fud an domhain i spriocmhargaí móra na cruinne mar imreoirí éifeachtacha
- A bheith aitheanta ***le bainistíocht ardoilte, nuálaíocha agus dírithe ar chustaiméirí*** agus a bhfuil taithí acu ar ***idirnáisiúnú cuideachtaí*** agus a bheith ag treorú foirne ardoilte agus nuálaíocha
- Leibhéal nach beag bríomhar ***de thaighde comhoibritheach*** a bheith idir lámha ***ag cuideachtaí agus institiúidí tríú leibhéil atá lonnaithe in Éirinn*** de réir ***chlár oibre ó thionscal***
- Láithreacht suntasach ***a bhunú i margaí Limistéar an Euro*** agus ag an am céanna ag coinneáil leis an dul chun cinn sin atá déanta ag cuideachtaí Éireannacha sa Ríocht Aontaithe, sna Stáit Aontaithe agus san Áise
- Ag feidhmiú ***i dtimpeallacht gnó atá iomaíoch agus á tiomáint ag margaí*** agus a sholáthraíonn tacaíocht den scoth maidir le bonneagar, airgeadas, oideachas agus tacaíochtaí earnála do ghnólachtaí nuálaíocha.

Is é an dúshlán atá os comhair Enterprise Ireland agus ár gcuid cliant ná **forbairt go héifeachtach** chun a bheith mar bhonn fiontair atá nuálaíoch, táirgiúil agus de réir sciála agus a ghineann gníomhaíochtaí agus ioncam bunaithe ar eolas agus d'ardluach do mhuintir na hÉireann.

Is é toradh straitéis Enterprise Ireland i gcoitinne díolacháin **onnmhairithe a uasmhéadú trí thaighde feidhmeach, trí theicneolaíocht agus nuálaíocht a úsáid agus a chinntiú go mbainfear forbairt eacnamaíochta amach go cothromach ar fud na réigiún.**

Spriocanna agus Bearta Tionchair Enterprise Ireland

- **€3 Billiún Díolacháin Onnmhairithe nua** thar na chéad trí bliana eile
- **Líon na gCuideachtaí** a dhúbailt go **1,050 a mbíonn baint acu le T&F bríomhar**[1] faoin mbliain 2010
- **Tacú le Cruthú 210 Cuideachta Nua Ardchumais Tosuithe (HPSU) ar fud an náisiúin** (faoi cheann na bliana 2007)
- **Ullmhacht onnmhairí trí Tháirgiúlacht agus Iomaíochas a fhorfheidhmiú agus Tionscadail Fheabhsúcháin Iomaíochais sa bhliain 300+ cuideachta** (faoi cheann na bliana 2007)

Forbhreathnú ar Straitéis Enterprise Ireland

Clár Oibre Cumais	Spriocanna Cliaint	Torthaí Tionscail
• Díolacháin Idirnáisiúnta • T&F & nuálaíocht de réir margaí • Scileanna bainistíochta • Iomaíochas agus dea-chleachtas	• Tosuithe Ardchumais a Thiomáint • Comhpháirtíocht & gréasáin i dtreo scálála • Ag díriú ar earnálacha nua fáis • Ag cur le hiomaíochas agus le táirgiúlacht	• Díolacháin onnmhairí • Gnólachtaí scála idirnáisiúnta, iomaíocha, de réir margaí ag úsáid na teicneolaíochta is déanaí • Iomaíoch

Misean
Forbairt chuideachtaí Éireannacha den scoth a luathú chun rathúlacht i margaí an domhain as a dtiocfaidh rathúnas náisiúnta agus réigiúnach

[1] sa bhreis ar €100,000

Tacaíocht ó Enterprise Ireland – Pacáiste Iomlánaíoch um Chruthú agus Forbairt Gnó

Ag tosú gnólachtaí domhanda, ag forbairt táirgí agus próisis nuálaíocha, ag gnóthachan an iomaíochais agus feabhsú táirgiúlachta, ag cur i bhfeidhm tionscadail fhormhéadaithe agus ag fás thar lear tríd an idirnáisiúnú éifeachtach agus gníomhaíochtaí ar dian go mór ar acmhainní iad.

Tairgeann straitéis Enterprise Ireland pacáiste iomlánaíoch um chruthú agus forbairt gnó do chuideachtaí Éireannacha. Cuirfidh seirbhísí comhairle agus forbairt straitéiseach i dteannta le tacaíocht airgeadais ar chumas na gcliant chun **Tionscal na hÉireann a chlaochlú** ó bhonn – cuirfidh cliaint eochairthionscadail i bhfeidhm agus i réaltacht agus a gcumais ríthábhachtacha a fhorbairt ar lárnach go léir iad dá bhfás is dá bhforbairt, ag tiomáint ghnóthachan an fháis inbhuanaithe gheilleagraigh.

Enterprise Ireland – Athstruchtúrú don Seachadadh Feabhsaithe

Ag Sásamh Riachtanais na gCliant

Roinn	Riachtanais an Chliaint
Díolacháin agus Comhpháirtíocht Idirnáisiúnta	Díolacháin Onnmhairithe
Taighde Feidhmeach agus Tráchtálú	Taighde & Forbairt agus Nuálaíocht
Réigiúin agus Fiontraíocht	An Fhorbairt Réigiúnach
Uathoibriú Teicneolaíochta agus Táirgiúlacht	Iomaíochas
Forbairt agus Meantóireacht Bhainistíocht na gCliant	Acmhainní Daonna & Ardú Scileanna
Gnóthaí Tosuithe d'Ardchumas	Cruthú Gnó Nua
Scálú na nGnólachtaí Beaga agus Meánacha	Forbairt na gCuideachtaí go Scála

Táthar ag gluaiseacht foirne ar fud Enterprise Ireland, sa bhaile agus thar sáile, agus, nuair is cuí, á bhforlíonadh, chun seirbhís níos fearr a thabhairt do chliaint a mbíonn a gcuid riachtanas ag athrú i gcónaí. Cuideoidh straitéis nua agus fócas na háisínteachta amach anseo le heochairghrúpaí tionscail in Éirinn chun dul in iomaíocht agus fás trína gcumas sa mhéid a leanas a fhorbairt: **idirnáisiúnú; taighde, nuálaíocht agus teicneolaíocht; iomaíochas agus cumas bainistíochta.** Leanfaidh straitéis Enterprise Ireland uirthi ag athrú, chun freastal ar agus chun teacht roimh riachtanais athraitheacha ár gcliaint sa todhchaí.

Idirnáisiúnú agus Fás Onnmhairithe – €3 Billiún de Dhíolacháin Nua Onnmhairithe sna trí bliana atá romhainn

Déanfaidh Enterprise Ireland

- Ár n-oifigí idirnáisiúnta a dhíriú ar chúnamh le cliaint chun díolacháin a ghnóthachan in eochair-spriocearnálacha agus chun láithreacht margaidh a bhunú thar lear
- Tionchar na ndíolachán idirnáisiúnta ar chuideachtaí cliaint a neartú
- Scileanna agus faisnéis earnálach agus teicniúil dár bhfoireann thar lear a fhorbairt agus a neartú
- Líonra idirnáisiúnta meantóirí de shaineolaithe margaidh sheachtraigh a thógáil
- Díriú ar chorparáidí domhanda um dheiseanna díolacháin, comhghuaillíochtaí straitéiseacha agus fiontar caipitil

Tá idirnáisiúnú chuideachtaí na hÉireann riachtanach chun dul san iomaíocht ar fud na cruinne. Ní mór do chuideachtaí, idir bheag agus mhór, gníomhaíocht onnmhairithe, infheistíochtaí agus láithreacht a mhéadú thar lear.

Cuideoidh Roinn nua Díolacháin agus Comhpháirtíochta Idirnáisiúnta Enterprise Ireland le cliaint chun dul in iomaíocht le haghaidh díolacháin idirnáisúnta, agus iad a ghnóthachan; agus láithreacht a bhunú sna margaí thar lear. Is tosaíocht i gcónaí é deiseanna díolacháin agus comhpháirtíochta den scoth a sheachadadh do chuideachtaí sna hearnálacha agus sna margaí móra. Tacóidh an roinn nua seo le cliaint atá ann cheana féin agus le cuideachtaí nua tosaithe chun láithreáin tagartha díolacháin a bhaint amach.

Taighde agus Nuálaíocht faoi chinnireacht Tionscail

Faoin mbliain 2010, déanfaidh Enterprise Ireland

- **Líon na gcuideachtaí i mbun Taighde & Forbairt bhríomhar[2] a dhúbailt go 1,050**
- **Méadú trífhillte a dhéanamh i líon na gcuideachtaí dúchasacha, go dtí sa bhreis ar 100, a ghníomhaíonn sa Taighde & Forbairt[3]**

Déanfaidh Enterprise Ireland mar seo a leanas

- T&F i gcuideachtaí a thiomáint go leibhéil níos airde agus níos seasmhaí
- Ligean do chomhoibriú bunaithe ar thionscal idir cuideachtaí agus coláistí
- Tús a chur le forbairt Ionad Teicneolaíochta ceangailte leis an tríú leibhéal ag díriú ar oibriú le tionscal ar cheisteanna taighde agus teicneolaíochta meántéarmacha
- Cláir oibre Taighde Braislí faoi chinnireacht tionscail a mhaoiniú, ar bhunús píolótach
- Na deiseanna tráchtála le haghaidh tionscail a eascraíonn as taighde atá maoinithe go poiblí in institiúidí/ospidéil den tríú leibhéal a uasmhéadú
- Oibriú go dlúth le hInstitiúidí Teicneolaíochta agus Ollscoileanna cuí chun a gcumas tacaíochta le tionscal ag leibhéal réigiúnach a neartú
- Páirtíocht fhiontar na hÉireann i dtionscadail idirnáisiúnta eolaíochta agus teicneolaíochta mar Chlár Creata an AE a éascú

[2] os cionn €100,000
[3] os cionn €2 milliún

Má úsáidtear teicneolaíocht go héifeachtach agus go cruthaitheach agus más féidir táirgí agus seirbhísí nuálacha a fhorbairt beidh an lá le cuideachtaí chliaint Enterprise Ireland. Cuirfidh ár gcliaint úsáid agus tráchtálú an eolais i gceartlár a gcuid straitéisí gnó. Oibreoidh **Rannán an Taighde agus an Tráchtálaithe Fheidhmigh** leis an lucht taighde agus le háisínteachtaí eile de chuid an Stáit chun ár saineolas agus ár dtaithí, ár láithreacht réigiúnach agus idirnáisiúnta chomh i dteannta ár gcuid maoinithe i bhfeidhm chun cumas taighde a aistriú ina réaltacht tráchtála.

Cur Chuige Earnálach

Déanfaidh Enterprise Ireland mar seo a leanas

- Oibriú go dian le cuideachtaí aonaracha agus le grúpaí earnálacha chun leas a bhaint as deiseanna le haghaidh fáis sna margaí
- Cruinnithe cliant a eagrú chun clár oibre fhorbairt earnálacha a aithint agus a stiúradh
- Dul le comhpháirtithe tionscail chun béim a chur ar an tábhacht a bhaineann le nuálaíocht agus le breis táirgiúlachta do ghnólachtaí beaga agus do ghnólachtaí meánach ar fud na tíre
- Feidhm a bhaint as cruinnithe earnálacha chun a chinntiú go ndéanann misin thrádála agus féilte trádála Enterprise Ireland freastal ar riachtanais client
- Moladh maidir le Líonraí faoi Stiúradh Tionscail a chur faoi bhráid an Aire Tionscal, Trádála agus Fostaíochta

Stiúróidh struchtúr eagrúcháin Enterprise Ireland cur i bhfeidhm ár straitéise nua. Faoin struchtúr seo déanfar cliaint Enterprise Ireland a chur i mbraislí atá bunaithe ar an gcineál margaidh lena mbaineann siad. Táthar tar éis trí Roinn nua mhóra Earnálacha a bhunú, mar atá:

- **Margaí Tomhaltóirí Bia agus Miondíola**
- **Bogearraí, Seirbhísí agus Earnálacha ag Teacht chun Solais**
- **Margaí Tionsclaíocha agus in Eolaíochtaí na Beatha**

Tacófar le cuideachtaí faoi leith nó le grúpa nó braisle. Ciallóidh seo go mbainfear feidhm níos réamhghníomhaí agus níos déine as idirghabháil ó earnáil nó grúpaí chun aontú ar thosaíochtaí agus ar chláir oibre maidir le forbairt earnálacha.

Is trí chur chuige iomlánaíoch ar fhorbairt bainistíochta a dhéanfar tacaíocht ó Enterprise Ireland a thairiscint agus tabharfar aghaidh ar mhíreanna uile na *Samhlacha um Fhorbairt Gnó*[4]. Aontóidh Enterprise Ireland ar spriocanna agus táirgí inseachadta le cliaint, ceangailte le gach cineál tacaíochta chun monatóireacht agus measúnacht éifeachtach a dhéanamh agus a chinntiú go ndéanfar gach cinneadh faoi infheistíocht agus faoi thograí a uasmhéadú.

[4]Tá an cur chuige ar a dtugtar Samhail Gnó, mar ar míníodh i mBeartas Enterprise Ireland é, mar bhunús don idirghníomhú idir Enterprise Ireland agus cuideachtaí cliaint, ag cinntiú go ndéanann forbairt straitéiseach cuideachtaí cliaint measúnacht ar riachtanais ar mhodh iomlánaíoch trí riachtanais cuideachtaí a mheas in Airgeadas, Taighde agus Forbairt, Acmhainní Daonna, Táirgiúlacht agus Margaíocht.



Bog le Borradh – óna dTosuithe go Fiontair Dhomhanda de Scála

Tá spreagadh bhunú Chuideachtaí Tosaithe Nua Ardchumais ag díriú ar onnmhairiú agus ag tacú lena mbunú, ag tiomáint a bhfás agus lena bhforbairt ina chuid lárnach de straitéis Enterprise Ireland don fhorbairt leanúnach i dtionscal na hÉireann. Tá rannán le haghaidh **Gnólachtaí Tosaithe Nua d'Ardchumas** curtha ar bun ag Enterprise Ireland chun líon agus cáilíocht na gCuideachtaí úd a thógáil agus chun oibriú go dian leo gnó onnmhairithe a rochtain agus a thógáil agus chun scála a bhaint amach sa mhargadh cuí.

Tacú a thabhairt do 200+ de Chuideachtaí Tosaithe Nua Ardchumais Onnmhairithe ar fud na tíre faoi cheann na bliana 2007

Déanfaidh Enterprise Ireland mar seo a leanas

- Tacaíocht dhomhain a thabhairt do ghnólachtaí nua ag tús báire chun luas a chur lena bhfás lá níos faide anonn
- Cabhrú chun cumas bainistíochta a thógáil trí scileanna a iniúchadh trí mheantóireacht agus trí chomhairle
- Maoin a riaradh agus maoin tríú páirtí a spreagadh, trí chistí síl agus fiontair Enterprise Ireland a fhorbairt chun go ndéanfar an méid a chuireann said ar fáil chun gnólachtaí láidre a chruthú agus a thógáil in Éirinn a uasmhéadú
- Feidhm a bhaint as gréasán Enterprise Ireland thar lear go luath chun diancabhrú le cuideachtaí a gcéad láithreán díolacháin tagartha a bhaint amach, ag cur luais fúthu ar a mbealach isteach don mhargadh
- Comhairle a thabhairt do na cuideachtaí nua ardchumais onnmhairithe seo faoi mar a dhéantar coincheapa nua gnó a mheas agus a fhorbairt agus iad a chur an aithne do chomhpháirtithe gnó

Ag Forbairt Cuideachtaí de réir Scála – Ag Seoladh Cuideachtaí na hÉireann thar Thairseach an €20 milliún

Níl scála, is é sin díolacháin de luach €20 milliún, bainte amach ach ag líon réasúnta beag de chuideachtaí in Éirinn. Tá sé mar aidhm d'Enterprise Ireland aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb seo. Bunaíodh **Rannán Scála na nGnólachtaí Beaga agus Meánacha (SME)** d'aon turas chun cabhrú le cuideachtaí Éireannacha fás go scála nuair a bheidh siad in ann dul in iomaíocht i margaí an domhain níos ionsaithí. Déanfar seo trí fhoirne saintiomanta ag obair i gcomhar le cliaint.

Déanfaidh Enterprise Ireland mar seo a leanas

- Oibriú i gcóir le cuideachtaí cliaint cuí chun deiseanna fáis a uasmhéadú a chruthóidh grúpa de chuideachtaí dúchasacha inbhuanaithe a bhfuil scála agus brí dhomhanda acu
- Straitéis fáis le haghaidh gach comhlacht a aontú
- Gaol a chothú le corparáidí móra domhanda maidir le ceannach, infheistíochtaí fiontair agus taighde agus forbairt chun gur féidir linn deiseanna do chuideachtaí de chuid na hÉireann a aimsiú agus a fhorbairt
- Scileanna straitéiseacha agus éadála lucht bainistíochta a fhorbairt chun go mbeidh siad in ann an t-aistriú casta go bheith ina gcuideachtaí a bhfuil scála agus brí dhomhanda acu a láimhseáil
- Réimse de mheantóirí gnó a bhfuil taithí gnó domhanda acu a fhorbairt agus a bheidh in ann cabhrú le gnólachtaí agus le lucht bainistíochta ag gluaiseacht i dtreo scála
- Taithí agus saineolas domhanda faoi dhíolachán agus faoi mhargaíocht a fhorbairt agus a éascú laistigh de ghnólachtaí beaga agus meánacha

Ag Cur le Cumais Bhainistíochta

Ag tógáil scileanna breithiúnacha gnó agus teicneolaíochta i gcuideachtaí cliaint

Déanfaidh Enterprise Ireland mar seo a leanas

- Díriú ar chumas bainistíochta agus feidhmiúcháin inár gcuideachtaí cliaint atá thar a bheith tábhachtach dá rath i margaí easpórtála
- Seirbhís nua speisialta a thabhairt isteach a ligfidh do chuideachtaí a gcumas ina gcuid earnálacha faoi láthair agus amach anseo a mheas
- Plean gníomhaíochta a chur i bhfeidhm chun foirne bainistíochta a fhorbairt don leibhéal is gá – áireofar leis seo tacaíocht chun foireann nua a thabhairt ar bord chomh maith le bheith ag cur leis an gcumas atá le fáil sna cuideachtaí a fhorbairt
- Oibriú i gcomhar le FÁS, institiúidí tríú leibhéil agus soláthraithe oiliúna
- Gréasán nua idirnáisiúnta de lucht meantóireachta inár bpríomh-mhargaí a fhorbairt agus leanúint orainn ag cur leis an ngréasán meantóireachta in Éirinn
- Ligean do chliaint ár seirbhísí agus bunachar sonraí d'fhaisnéis speisialta faoi na margaí a rochtain – trínár n-aonad "Seirbhísí Eolais Cliaint"

Má tá sé i gceist ag cuideachtaí na hÉireann a dhul san iomaíocht agus go n-éirí leo i margaí na cruinne, ní mór dóibh foirne bainistíochta den scoth domhanda a bheith acu a bhfuil cumas láidir díolacháin idirnáisiúnta agus scileanna gnó agus teicneolaíochta den scoth acu. Éiríonn infheistíocht sa réimse seo níos tábhachtaí de réir mar a athraíonn éileamh an mhargaidh agus mar a thagann breis iomaíochta ann. Oibreoidh **Rannán um Fhorbairt agus Meantóireacht Bhainistíocht Cliant** le comhpháirtithe tionscail chun an cumas bainistíochta agus na scileanna foirne a bhfuil gá leo a shonrú agus a fhorbairt. Áirítear leis seo scileanna bainistíochta, scileanna margaíochta agus scileanna teicneolaíochta agus nuálaíochta.

Scileanna Díolacháin agus Margaíochta Idirnáisiúnta

Clár Píolótach Díolacháin agus Margaíochta Idirnáisiúnta

Chun aghaidh dhíreach a thabhairt ar an tábhacht a bhaineann le scileanna díolacháin agus margaíochta idirnáisiúnta chun is go mbainfidh cuideachtaí cliaint díolachán onnmhairithe domhanda amach, tabharfaidh Enterprise Ireland moltaí ar aghaidh i 2005 mar gheall ar thogra píolótach i gcomhar le FÁS a bhfuil mar aidhm aige díolachán idirnáisiúnta agus scileanna margaíochta a fhorbairt i gcuideachtaí na hÉireann. Táthar ag forbairt na scéime seo i gcomhairle lenár gcuid cliant agus tabharfaidh sí cruth agus fócas do scéimeanna eile amach anseo.

Iomaíochas agus Táirgiúlacht

Déanfaidh Enterprise Ireland mar seo a leanas

- Feidhm fhorleathan a bhaint as a sheirbhís tagarmhairc chun cliaint a spreagadh machnamh a dhéanamh ar athrú agus monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn
- **Ciste Fheabhsú Táirgiúlachta Nua** a thabhairt isteach chun cumas iomaíochta a mhéadú trí theicneolaíocht agus trí thraenáil
- **Tionscadal TechSearch** a thabhairt isteach de réir a chéile chun cabhrú le cliaint deiseanna nua chun teicneolaíocht a cheannach a aithint
- Beart tógála chumas slabhra iomlánaíoch a thairiscint trí **thogra Bhainistiú Shlabhra an tSoláthair SCM**
- Rochtain cliant ar shaineolas den chéad scoth maidir le huathoibriú agus ceisteanna a bhaineann le táirgíocht a mhéadú

Is tosaíocht í an t-iomaíochas a thógáil agus iomaíocht idirnáisiúnta ag dul i méid i gcónaí. I saol na hiomaíochta tá dúshláin os comhair cuideachtaí Éireannacha agus ní mór dóibh a gcuid straitéisí gnó a athbhreithniú chun a choinneáil iomaíoch. Faoin straitéis nua tógfaidh ár **Rannán um Theicneolaíocht, Uathoibriú agus Tairgiúlacht** páirt cheannasach i méadú tairgúlachta agus iomaíochta. Tairgfear réimse tacaíocht lena mbaineann tábhacht straitéiseach chun uathoibriú, uas-scileáil agus forbairt táirgí agus próisis. Mar thoradh cuideoimid lenár gcuid cliant chun a gcuid onnmhairí, díolachán agus fostaíochta a mhéadú agus chun struchtúr níos láidre agus níos neamhspleáiche a fhorbairt.

Forbairt agus Fiontraíocht Réigiúnach

Déanfaidh Enterprise Ireland mar seo a leanas

- Tacú go córasach le forbairt fiontraíochta sna réigiúin tríd ár gcomhar leis agus an gcabhair a thugann muid d'údaráis áitiúla, d'institiúidí tríú leibhéil agus na comhlachtaí réigiúnacha – CEBí, BICí, CECí, CDBí, FÁS
- Oibreoidh Enterprise Ireland leis an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta chun cinneadh an Rialtais faoi aonad comhordaithe CEB a bhunú a chur i bhfeidhm chun breis comhleanúnachais a thabhairt dá gcuid imeachtaí straitéiseacha agus oibríochtúla beirt
- Tionscadal nua tacaíochta a thabhairt isteach le haghaidh ábhar fiontraithe Enterprise Start – chun a chur leis ár dtairiscintí atá i bhfeidhm sna réigiúin cheana féin
- Oibriú leis na hOllscoileanna agus leis na hInstitiúidí Teicneolaíochta chun comhoibriú idir tionscal agus an saol acadúil a uasmhéadú chun braislí de chuideachtaí ardteicneolaíochta sna réigiúin a fhorbairt
- Ugach a thabhairt d'Éireannaigh thar lear agus do bhainisteoirí cuideachtaí Éireannacha agus ilnáisiúnacha in Éirinn agus thar lear tacú le cuideachtaí nua agus tosuithe gnó a ghiniúint
- Ceardlanna d'onnmhaireoirí céaduaire a chur ar bun agus ina dhiaidh sin cuairteanna ar mhargaí le haghaidh lucht easpórtála nua ar fud na réigiún
- Cistí Síl agus Fiontair sna réigiúin a fhorbairt níos mó chun cur leis na hacmhainní atá le fáil do chliaint sna réigiúin

Is mór an rannchuidiú a thugann cliaint Enterprise Ireland in earnálacha seanbhunaithe agus nuafhorbartha dá réigiúin. Sna bailte agus sna pobail tuaithe is ea atá meanma na fiontraíochta ag éirí níos dealraithí, arb é an t-inneall a thiománann fás eacnamaíochta náisiúnta é. Tá spreagadh agus tacú lucht fiontraíochta agus gnólachtaí ag gach céim dá bpróiseas forbartha gnó ag ceartlár straitéis Enterprise Ireland agus cinnteoidh an Rannán nua Réigiún agus Fiontraíochta go dtabharfar gach deis do chliaint chun a chinntiú go mbainfear amach rathúnas agus forbairt ar fud an stáit.



Bonneagar agus Tacaíochtaí Réigiúnacha

Is tosaíocht i gcónaí d'Enterprise Ireland agus dár gcuid comhpháirtithe sna réigiúin é bunú bonneagair riachtanaigh ghnó agus teicneolaíochta. Tá dul chun cinn neach beag déanta chun spás fiontraíochta, agus saoráidí goradáin triú leibhéal d'fiontair a chur i bhfeidhm chomh maith le foireann speisialtachta chun cumas **gnó nua a fhorbairt agus taighde braislí faoi chinnireacht tionscail** a chur chun cinn. Beidh uasmhéadú úsáid agus toradh na n-infheistíochtaí seo ina chuid lárnach den iarracht chun fás sna réigiúin a spreagadh.

ENTERPRISE IRELAND

Enterprise Ireland, Glas Naíon, Baile Átha Cliath 9, Éire.
t: +353.1.808 2000 f: +353.1.808 2020

www.enterprise-ireland.com